Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2020
(OR. en)

14021/20

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0135(CNS)**
**2020/0135(CNS)**

**VOTE 69**
**INF 221**
**PUBLIC 86**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 14 Nollaig 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

ST 10046/20 + REV 1 (bg, cs, da, es, et, fr, lv, mt, nl, pl, pt, sl agus sv)
+ REV 1 COR 1 (nl)
+ REV 2 (de)
+ REV 3 (el)
+ REV 6 (ro)

an dáta a ghlac Coreper an cinneadh chun an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid
11.12.2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2018/0135(CNS) and 2020/0135(CNS)** (Document: **10046/20**) |
| Voting Rule: | **unanimity** |
| Subject: | Council Decision on the system of own resources of the European Union and repealing Decision 2014/335/EU, Euratom |

| Vote | Members | | |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | |
| No | 0 | | |
| Abstain | 0 | | |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **14/12/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Yes | LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | Yes |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes | NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes | POLSKA | 8,49 | Yes |
| ΕΛΛΑΔΑ | 2,40 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes | ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| ITALIA | 13,65 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΥΠΡΟΣ | 0,20 | Yes | SVERIGE | 2,29 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes | | | |

** Abstentions do not prevent unanimity being reached*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

## Ráiteas ón Ísiltír

Measann an Ísiltír gur pacáiste iad an chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, an Rialachán maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, agus an Rialachán lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). Tá sé ríthábhachtach cothromaíocht íogair na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-21 Iúil 2020 a urramú, agus a áirithiú go bhfuil na téacsanna reachtacha i gcomhréir leis na conclúidí seo. I láthair na huaire, tá rialachán RRF fós ag céim an chruinnithe thríthaobhaigh agus ní fios an toradh deiridh a bheidh air dá bharr.

Is díol sásaimh don Ísiltír an comhaontú maidir leis an gCinneadh nua ón gComhairle (AE, Euratom) maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (ORD). De mheon phrionsabal an chomhair dhílis, agus chun go bhféadfar na cistí a thabhairt isteach go tapa chun aghaidh a thabhairt ar dhrochiarmhairtí phaindéim COVID-19, vótálfaidh an Ísiltír i bhfabhar an Chinnidh ón gComhairle, chun go bhféadfaidh na Ballstáit tús a chur leis na nósanna imeachta náisiúnta atá acu, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach, agus a bhfuil gá leo chun go dtiocfaidh an Cinneadh ón gComhairle i bhfeidhm.

I bhfianaise an ghá atá le measúnú a dhéanamh ar an bpacáiste iomlán a léirítear thuas, lena n-áirítear mar cheanglas chun go mbeadh sé in ann formheas parlaiminteach a fháil do ORD, ní chuirfidh rialtas na hÍsiltíre ORD chuig an bParlaimint go dtí go mbeidh toradh sásúil ar na cruinnithe tríthaobhacha maidir leis an rialachán RRF atá beartaithe, i gcomhréir iomlán leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-21 Iúil. Idir an dá linn, tá bailchríoch á cur ag rialtas na hÍsiltíre ar an obair ullmhúcháin riachtanach lena bhféadfar tús a chur leis an nós imeachta um fhormheas parlaiminteach náisiúnta a cheanglaítear le Bunreacht na hÍsiltíre.

**Ráiteas ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin**

Tugann an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin dá n-aire go bhfuil na cruinnithe tríthaobhacha i ndáil leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)[1] fós ar siúl. Ní raibh na comhreachtóirí in ann teacht ar chomhaontú maidir le roinnt saincheisteanna polaitiúla, ar tugadh aghaidh orthu go sainráite sna Conclúidí ó chruinniú speisialta na Comhairle Eorpaí i mí Iúil 2020 agus atá ina bpríomhthosaíocht ag na Stáit Bhaltacha fós. Áirítear orthu sin, *inter alia*, EUR 1 384 milliún a chur in áirithe ó chlúdach ginearálta chuid iompair SCE chun mórnaisc iarnróid trasteorann atá in easnamh a chur i gcrích idir tíortha comhtháthaithe chun tacú le feidhmiú an Mhargaidh Aonair. De réir an chomhaontaithe, beidh feidhm ag rialacha cómhaoiniúcháin an aistrithe ón gCiste Comhtháthaithe chuig SCE.

Cuireann an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin in iúl go láidir gur dlúthchuid de phacáiste CAI é an comhréiteach maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Tá urraim iomlán do na conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le CAI 2021-2027 ó mhí Iúil 2020 maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ríthábhachtach le go mbeidh rath ar phróisis daingniúcháin agus formheasa an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse i bparlaimintí náisiúnta na Stát Baltach.

Is tionscadal suaitheanta de chuid an Aontais é Rail Baltica, lena gcruthaítear conair nua iarnróid trasna na dtrí Bhallstát chun iad a nascadh le gréasán an leithid rianta Eorpaigh, agus chun an bhearna sa bhonneagar a dhúnadh. Ós rud é nach bhfuil aon nasc iarnróid ardluais le Ballstáit eile an Aontais ná eatarthu féin ag na Stáit Bhaltacha faoi láthair, chuirfeadh Rail Baltica borradh suntasach eacnamaíoch ar fáil don réigiún ina iomláine, agus chuirfí feabhas ar nascacht iompair idir na tíortha comhtháthaithe. Tá an tionscadal ríthábhachtach chun uaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais a bhaint amach, trí aistriú módúil ó bhóithre chuig iarnród leictrithe a spreagadh, rud a chabhróidh le hastaíochtaí iompair a laghdú go mór. Tá an buiséad atá curtha in áirithe ríthábhachtach do chur i gcrích tráthúil Rail Baltica, atá á fhorbairt go gníomhach faoi láthair agus é mar aidhm leis tús a chur leis na hoibríochtaí faoi 2026.

D'aithin an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé naisc iarnróid trasteorann mhóra atá ar iarraidh, amhail Rail Baltica, a chur i gcrích toisc go gcothaíonn siad comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, agus go ndéantar an t-athrú aeráide a chomhrac leo chomh maith. Iarrann an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin ar Pharlaimint na hEorpa an seasamh sin a roinnt, agus tacú leis an bhforáil cur ar leataobh mar a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach.

---

[1] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014; 2018/0228 (COD)